Nótaí don Dalta: DRC 3T

- Amharc ar na samplaí de tháirgí a thug do mhúinteoir duit. Labhair ar an rud a bhfuil siad faoina choinne agus cad chuige a n-oibríonn siad go maith. Is féidir le do mhúinteoir cuidiú leat plean a dhéanamh don táirge agat.

- Úsáid bogearraí CAD 3T le do tháirge a dhearadh.

- Úsáid na tomhais ar do phlean nuair atá tú ag tarraingt na gcruthanna don dhearadh táirge agat.

- Bain triail as dathanna éagsúla. Socraigh ar an chuma is fearr don dearadh agat.

- Úsáid comhadainm le do dhearadh a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.

- Iarr ar pháirtí ranga amharc ar do dhearadh. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: DRC 3T

- Amharc ar na samplaí de tháirgí a thug an múinteoir duit agus/nó mol samplaí de do chuid féin. Labhair ar an rud a bhfuil siad faoina choinne agus cad chuige a n-oibríonn siad go maith.

- Cruthaigh plean don dearadh agat. Smaoinigh ar cé dó a bhfuil sé (lucht féachana) agus cad é ba chóir dó a dhéanamh (cuspóir).

- Úsáid uirlisí agus gnéithe na mbogearraí DRC 3T le triail a bhaint as dóigheanna éagsúla le do dhearadh a chur i láthair.

- Nuair atá tú sásta le do dhearadh, cuir dath leis agus úsáid na huirlisí léirithe.

- Cuir nótaí le do dhearadh le gnéithe do tháirge a mhíniú.

- Úsáid comhadainm le do dhearadh a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.

- Iarr ar pháirtí ranga amharc ar do dhearadh. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: DRC 3T

- Faigh samplaí de réitigh dhearthaí agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Déan nóta den taighde seo i do dhialann tionscadail.
- Déan plean don dearadh táirge agat, ina mbeidh mionsonraí ábhartha amhail méid, ábhair, feidhmeanna agus comhpháirteanna.
- Smaoinigh ar an lucht féachana agus ar an chuspóir i rith an ama le linn duit bheith ag pleanáil do dhearadh táirge.
- Úsáid na bogearraí CAD 3T le do dhearadh a tharraingt, bunaithe ar do phlean.
- Nuair atá an bunstruchtúr atá ag do dhearadh tarraingthe agat, bain triail as réimse de ghnéithe agus d'uirlisí na mbogearraí leis an éifeacht a chruthú atá tú a iarraidh.
- Anótáil do dhearadh le go mbeidh sonraí ann a bheidh úsáideach ag an duine a mbeidh do dhearadh á dhéanamh aige.
- Déan athbhreithniú ar do dhearadh le páirtí ranga agus seiceáil go bhfuil gach rud mar a bhí beartaithe agat. Déan athruithe ar bith a chuirfidh feabhas ar an táirge deiridh agat.
- Úsáid comhadainm cuí le do dhearadh a shábháil.
- Déan tagairt do do chuid nótaí taighde i do dhialann tionscadail. Déan nóta de dhá phríomhghné a fhágann go bhfuil do dhearadh críochnaithe éifeachtach don lucht féachana agus don chuspóir dá ndearnadh é.
- Smaoinigh ar na gnéithe agus ar na tréithe i do dhearadh a gcuirfeá feabhas orthu dá mbeifeá ag dearadh an táirge arís. Déan taifead de do chuid smaointe i do dhialann tionscadail.
- Glac gabháil scáileáin de do chomhad, oscail é sna bogearraí a d'úsáid tú lena chruthú (formáid chomhad dúchais). Cuir sin ag deireadh do dhialainne tionscadail.

Nótaí don Dalta: DRC 3T

- Faigh samplaí de réitigh dhearthaí agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Socraigh cé acu de na tréithe seo atá ábhartha don tionscadal agat. Cosain an fáth a bhfuil rún agat iad a chur isteach i do dhearadh. Déan nóta den chosaint seo i do dhialann tionscadail.

- Agus an dearadh á phleanáil agat smaoinigh ar na riachtanais atá ag an lucht féachana ar leith atá agat agus déan nóta díobh seo mar chuspóirí do do tháirge deiridh i do dhialann tionscadail. Déan tagairt do do chuid nótaí le linn duit bheith ag dearadh lena chinntiú go bhfuil tú ag comhlíonadh na gcuspóirí seo.

- Déan plean mionsonraithe don táirge agat ina mbeidh mionsonraí ábhartha amhail méid, ábhair, feidhmeanna agus píosaí comhábhair. Úsáid an teanga a bhaineann le DRC 3T le tacú le do phleanáil.

- Smaoinigh ar an lucht féachana agus ar an chuspóir i rith an ama le linn duit bheith ag pleanáil do tháirge.

- Déan agus sábháil líníocht reatha (líníocht ortagrafach) ina léirítear trí amharc ar do dhearadh. Cuir toisí isteach ar gach amharc, le go dtiocfadh le déantóir fréamhshamhail den dearadh a dhéanamh ó do chuid líníochtaí.

- Bain triail as réimse d'uirlisí agus de ghnéithe na mbogearraí DRC 3T le do dhearadh a tharraingt, bunaithe ar do chuid pleanála agus ar do chuid taighde tosaigh. Nuair atá an dearadh léirithe deiridh á chruthú agat, cinntigh go bhfuil dhá chomhpháirt ar a laghad tarraingthe agat féin.

- Cinntigh go bhfuil na comhaid a d'úsáid tú le do dhearadh a dhéanamh slachtmhar. Scrios comhaid mhóra ar bith nach bhfuil de dhíth níos mó. Sábháil do chuid oibre ag pointí tábhachtacha agus déan cóip le nach gcaillfear leaganacha rathúla.

- Déan athbhreithniú ar do dhearadh le páirtí ranga. Déan nóta i do dhialann tionscadail de réimsí ar bith a bhféadfá níos mó forbartha a dhéanamh orthu. Déan athruithe nuair is cuí. Déan an próiséas athbhreithnithe seo arís go dtí go bhfuil do dhearadh deiridh chomh cóngarach agus is féidir don chéad intinn a bhí agat agus tú ag cur do chuid cuspóirí san áireamh.

- Úsáid comhadainmneacha ábhartha le do dhearadh a shábháil agus easpórtáil é i bhformaidí a mbeidh daoine eile ábalta breathnú orthu.

- Nuair atá an dearadh críochnaithe agat, déan nótaí i do dhialann tionscadail a thugann cosaint den méid a chomhlíonann do dhearadh do chuid cuspóirí tosaigh. Déan tagairt ar leith don lucht féachana agus don chuspóir agat. Déan taifead de chuspóirí ar bith nach bhfuil do dhearadh á gcomhlíonadh go hiomlán.

- Glac gabháil scáileáin de do chomhad, oscail é sna bogearraí a d'úsáid tú lena chruthú (formáid chomhad dúchais). Cuir sin ag deireadh do dhialainne tionscadail.